An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 31 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**EUCO 12/23**

**LIMITE**

**CO EUR 9**
**INF 167**
**API 124**

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Uachtarán na Comhairle Eorpaí |
| chuig: | An Chomhairle Eorpach |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11539/23; 11543/23 |
| Ábhar: | Rochtain phoiblí ar dhoiciméid<br>- Iarratas dearbhúcháin Uimh. 24/c/01/23 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo dréachtfhreagra ar iarratas dearbhúcháin Uimh. 24/c/01/23, a scaipeadh ar an Meitheal um Fhaisnéis (a d'fhormhuinigh é chomh maith) mar dhoiciméad 11543/23.

Moltar go ndéanfadh an Chomhairle Eorpach an méid seo a leanas trí nós imeachta i scríbhinn:

a) an dréachtfhreagra, mar a leagtar amach é san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, a fhormheas, agus
b) cinneadh a dhéanamh torthaí na vótála, chomh maith le haon ráitis a rinneadh, a chur ar fáil don phobal.

PUBLIC

**IARSCRÍBHINN**

**FREAGRA AR IARRATAS DEARBHÚCHÁIN UIMH. 24/c/01/23,**
**a rinneadh ar an ríomhphost an 5 Iúil 2023 agus a cláraíodh an lá céanna**

Tá breithniú déanta ag an gComhairle Eorpach ar an iarratas dearbhúcháin sin faoi Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145 31.5.2001, lch. 43) agus Airteagal 10(2) dá Rialacha Nós Imeachta (Cinneadh 2009/882/AE ón gComhairle Eorpach, IO L 315, 2.12.2009, lch. 51) lena ndéantar Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialacha Nós Imeachta na Comhairle (Cinneadh ón gComhairle 2009/937/AE, Iris Oifigiúil L 325, 11.12.2009, lch. 35) infheidhme *mutatis mutandis* agus is é seo a leanas tátal na Comhairle:

1. An 23 Bealtaine 2023, chuir an tIarratasóir iarratas tosaigh isteach chuig an gComhairle Eorpach maidir le rochtain a fháil ar dhoiciméid CM 6/21, CM 5237/21 agus CM 4089/22. Chuir na doiciméid sin na toscaireachtaí ar an eolas faoi thoradh an nós imeachta i scríbhinn a seoladh chun go nglacfadh an Chomhairle Eorpach freagraí ar thrí iarratas dearbhúcháin éagsúla.

2. An 5 Iúil 2023, thug Ardrúnaíocht na Comhairle[1] freagra ar an iarratas seo thar ceann na Comhairle Eorpaí, agus chuir sí in iúl don Iarratasóir nach raibh sí in ann, in éagmais cinneadh faoi Airteagal 10(1) de Rialacha nós imeachta na Comhairle Eorpaí, rochtain a dheonú ar na doiciméid thuasluaite.

1. An lá céanna, chuir an tIarratasóir iarratas dearbhúcháin de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 isteach i gcoinne an fhreagra thuas ó Ardrúnaíocht na Comhairle.

[1] Cuidíonn Ardrúnaíocht na Comhairle, faoi údarás a hArdrúnaí, leis an gComhairle Eorpach agus lena hUachtarán i gcomhréir le hAirteagal 13(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle Eorpaí.

2. Rinne an Chomhairle breithniú cúramach ar an iarratas dearbhúcháin agus rinne sí measúnú ar an iarraidh ar rochtain agus na prionsabail is bun le Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 á gcur san áireamh go hiomlán, lena n-áirítear an aidhm an rochtain phoiblí is leithne is féidir a chinntiú.

3. Dá thoradh sin, bhíothas in ann a chinneadh go bhféadfar a bhfuil i ndoiciméid CM 6/21, CM 5237/21 agus CM 4089/22 a nochtadh ina iomláine.

PUBLIC

**CONCLÚID**

7. I bhfianaise an mhéid thuas, chinn an Chomhairle Eorpach rochtain iomlán a thabhairt ar dhoiciméid CM 6/21, CM 5237/21 agus CM 4089/22.